





















# Ceantar Bardasach Mhaigh Chromtha
# Scéim Péinteála Sráid-dreach

# Macroom Municipal District
# Streetscape Painting Scheme
## 2023

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

# SCÉIM PÉINTEÁLA SRÁID-DREACH 2023

Tá áthas ar Chomhairle Contae Chorcaí an Scéim Péinteála Sráid-Dreach a fhógairt do na ceantair seo a leanas le haghaidh 2023:

- Maigh Chromtha – Sráid Chorcaí, Radharc an Iarnróid, An Phríomhshráid, Sráid an Chaisleáin, An tSráid Nua
- Sráid an Mhuilinn – Rae an Mhionaoisigh, An Chearnóg, An Phríomhshráid, An Ceann Thiar
- Sráidbhhaile Chill na Martra
- Sráidbhhaile Áth an Chóiste
- Sráidbhaile na Cloiche Duibhe
- Sráidbhaile Inse Geimhleach

1. Is iad oibreacha incháilithe aon rud a chuirfidh leis an taobh amuigh d'fhoirgneamh, an chuid a fhéachann amach ar an tsráid.

2. Is féidir le tionóntaí nó úinéirí foirgneamh tairbhe a bhaint as deontas suas le 50% de chostas na n-oibreacha, suas le €800.00 ar a mhéad le haghaidh oibreacha a dhéanann conraitheoir.

3. D'fhéadfaí uasmhéid de 100% nó €800.00, cibé acu is lú, a íoc chun costas na n-ábhar a chlúdach i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an tionónta/úinéir an obair a dhéanamh é/í féin. Má tá deontas á lorg do na hábhair amháin, caithfear an fhoirm séanta atá ceangailte leis seo a chomhlánú agus a sheoladh ar ais. Is leor aon luachan amháin le haghaidh ábhar.

**An Próiseas Iarratais:**

- Déan iarratas foirmiúil i scríbhinn chuig an Oifig Ceantar Bardasach lena mbaineann de chuid Chomhairle Contae Chorcaí agus tabhair an fhaisnéis seo a leanas:

  a) Grianghraf de bhail an fhoirgnimh faoi láthair.

  b) Léarscáil a léiríonn suíomh na maoine.

  c) 2 luachan ó chonraitheoirí cláraithe le haghaidh na n-oibreacha péinteála a mholtar nó 1 luachan i gcomhair ábhar.

  d) Más rud é go mbeidh scafall/ardaitheoir ag teastáil, caithfear cead a iarraidh roimh ré ó Chomhairle Contae Chorcaí ar chostas €125 in aghaidh na míosa.

- Dá ndéanfaí na hoibreacha gan cead a fháil i scríbhinn roimh ré ó Chomhairle Contae Chorcaí **<u>ní bhronnfar</u>** deontas ar an iarrthóir. Nuair a chuirfear na hoibreacha i gcrích, ba cheart an Chomhairle a chur ar an eolas ionas gur féidir léi iniúchadh a eagrú. Ní mór na hoibreacha a chur i gcrích laistigh de 4 mhí ó dháta an fhaofa.

- Tabhair faoi deara le do thoil, mura gcuirfear na hoibreacha i gcrích faoin 30ú Samhain 2023, rachaidh an deontas in éag.

- Má chuireann an iomad daoine isteach ar an scéim, roghnóidh an Chomhairle na hiarrthóirí is mó a mheasann sí a mbeidh gá acu le cúnamh agus beidh na daoine sin incháilithe chun leanúint ar aghaidh sa phróiseas iarratais.

- I gcás ina gceapfar conraitheoir, beidh sé de fhreagracht ar an iarrthóir rathúil/na hiarrthóirí rathúla a chinntiú go bhfaighfear pé toiliú atá riachtanach agus go gcloífear leis an reachtaíocht agus na cóid chleachtais ábhartha go léir, go háirithe na cinn a bhaineann le Sláinte agus Sábháilteacht maidir le hobair agus/nó scéimeanna faofa.

- Beidh ar an gConraitheoir sonraisc ábhartha a chur chuig an iarrthóir agus beidh ar an iarrthóir na sonraisc agus fáltais a sheoladh chuig an gComhairle ionas go mbeidh sí ábalta iad a iniúchadh, a fhaomhadh agus an t-airgead a íoc ina leith.

- Má tá iarratas á chur isteach ar chostas na n-ábhar amháin, ní mór don iarrthóir an fhoirm séanta atá ceangailte a chomhlánú agus é a chur isteach leis an bhfoirm iarratais.

- Tabhair faoi deara le do thoil nach ionann iarratas bailí agus ráthú go bhfaighfear maoiniú.

- Caithfidh aon Táillí Údaráis Áitiúil a bheith íoctha cothrom le dáta ag na hiarrthóirí.

- D'fhéadfaí grianghraif d'fhoirgnimh faofa a úsáid agus an Scéim á cur chun cinn amach anseo.

**Tabhair faoi deara go mbeidh an Conradh idir an t-iarrthóir agus an conraitheoir péinteála.**

**Ba cheart iarratais a chur chuig:**

**Marie O Leary, Oifigeach Ceantar Bardasach,**
**Ceantar Bardasach Mhaigh Chromtha, Halla an Bhaile, Maigh Chromtha, Contae Chorcaí, P12 YX48.**

**Teil:  026-41545**

**Is cinneadh críochnaitheach a bheidh i mbreith na Comhairle maidir le bailíocht aon iarratais ar an scéim seo agus maidir leis an tsuim a bhronnfar de thoradh iarratais.**

**IS É AN SPRIOCDHÁTA CHUN IARRATAIS A FHÁIL:**

**DÉARDAOIN 15ú MEITHEAMH AG 4.30IN**

**Scéim Péinteála Sráid-Dreach 2023**

**CEANTAR BARDASACH MHAIGH CROMTHA**

# ***Foirm Iarratais***

**Ainm & Seoladh an Iarrthóra:**

**(Luaigh ainm úinéir an fhoirgnimh más duine difriúil atá i gceist)**

……………………………………………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………………………………………

**Uimh. Theil:** ……………………………………………… **Uimh. Fóin Póca:** …………………………………………………

**Ríomhphost:** ………………………………………………

**Seoladh an Áitribh atá le huasghrádú:**

……………………………………………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………………………………………

**An Dath a Mholtar:** ……………………………………………………………………………………

**Luachan an Chonraitheora: (cuir CBL san áireamh san Iomlán)**

……………………………………………………………

**Íocaíochtaí Imréitigh Chánach: (Sonraí RTC)** ……………………………………………………………

**<u>TOILIÚ:</u> Beidh do shonraí pearsanta ag teastáil chun Scéim Péinteála Sráid-Dreach 2023 a riar. Mura dtoilíonn tú ní bheimid ábalta d'iarratas a bhreithniú.**

Tugaim cead na sonraí a sholáthraím a phróiseáil chun na críche thuasluaite ☐

*Má chuireann tú tic sa bhosca seo toilíonn tú gur féidir le Comhairle Contae Chorcaí na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú a phróiseáil i gcomhréir le téarmaí ár mBeartais Príobháideachta atá le fáil ag https://www.corkcoco.ie/Privacy-Policy nó mar chruachóip ónár n-oifigí ag Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh, Éire agus gur féidir do chuid faisnéise a phróiseáil chun na gcríoch seo a leanas: an Scéim Péinteála Sráid-Dreach 2023 a riar.*

*Sínithe* ________________________________________ *Dáta*_______________

**SEICLIOSTA:**

- ✓ **Pictiúr roimh ré**
- ✓ **Léarscáil a léiríonn suíomh na maoine**
- ✓ **Foirm Iarratais Comhlánaithe**
- ✓ **2 x Luachan ó Chonraitheoirí Péinteála (Le CBL san áireamh san Iomlán)**
- ✓ **1 x Luachan d'Ábhair**
- ✓ **Foirm Séanta Comhlánaithe i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an iarrthóir an mhaoin a phéinteáil é/í féin.**

**Scéim Péinteála Sráid-Dreach 2023**

# COMHAONTÚ SÉANTA

Déantar an comhaontú seo idir Comhairle Contae Chorcaí agus an t-iarrthóir

______________________________________________________________________

ar an __________ lá de ______________ 2023 chun críocha Scéim Péinteála Sráid-Dreach 2023.

Beidh íocaíocht an deontais (mar a mholtar) dlite nuair a bheidh an obair curtha i gcrích.
Ní mór aon éagsúlachtaí ar an obair tar éis leithdháileadh an deontais agus sula gcuirfear tús leis an obair a chomhaontú leis an gComhairle a luaithe is féidir.

**Dliteanas**

Beidh an t-iarrthóir faoi dhliteanas i leith na n-oibreacha go léir a dhéanfar ar son an iarrthóra. Ní ghlacfaidh Comhairle Contae Chorcaí aon dliteanas i leith na n-oibreacha. Ní bheidh an Chomhairle faoi dhliteanas i leith caillteanais nó damáiste do mhaoin nó ábhair ná gortuithe do dhaoine mar gheall ar ghníomhartha pearsanta an iarrthóra nó an duine/na ndaoine a thugann faoi na hoibreacha ar son an iarrthóra, sula ndéanfar na hoibreacha, lena linn agus ina ndiaidh.

**Sláinte agus Sábháilteacht**

Glacfaidh an t-iarrthóir bearta iomchuí agus praiticiúla chun a chinntiú go bhfuil an timpeallacht ina ndéanfar na hoibreacha sábháilte ionas nach ngortófar aon duine. Ní ghlacann an Chomhairle aon dliteanas i leith ghníomhartha an iarrthóra, nó an chonraitheora a cheapann sé ar a shon, atá ina gcúis le díobháil do dhuine nó maoin nó le gortú duine.

Tabhair faoi deara gur idir an t-iarrthóir agus an conraitheoir péinteála a bheidh an Conradh.